
Polasaí ar an Leanúntas in Oideachas Múinteoirí

Meitheamh 2011



The Teaching Council
An Chomhairle Mhúinteoireachta



Clár

Réamhrá	4
Gluais	5
Brollach	6
An Leanúntas in Oideachas Múinteoirí	8
Treoirphrionsabail	10
Oideachas Tosaigh Múinteoirí	11
Ionduchtú	16
Forbairt Ghairmiúil Leanúnach	19
Críoch	22

Réamhrá

Sa bhliain 2007, thosaigh an Chomhairle an próiseas chun a Polasaí ar an Leanúntas in Oideachas Múinteoirí a dhréachtú, polasaí a chlúdaíonn oideachas tosaigh múinteoirí, ionduchtú agus forbairt ghairmiúil idir luath agus leanúnach. Chun eolas a chur ar fáil d'fhorbairt an pholasaí, rinne an Chomhairle dhá phíosa taighde a choimisiúnú. Ar dtús, d'ullmhaigh an Dr John Coolahan, Ollamh Emeritus, Ollscoil na hÉireann Maigh Nuad, páipéar seasaimh dar teideal *A Review Paper on Thinking and Policies Relating to Teacher Education in Ireland*. Ina dhiaidh sin, rinne foireann taighdeoirí as Coláiste na hOllscoile Corcaigh, faoi stiúradh an Dr Paul Conway, mionstaidéar dar teideal *Learning to Teach: A Nine Country Cross National Study*.

Comhthreomhar leis an taighde thuasluaite, chuir an Chomhairle tús le próiseas cuimsitheach comhairliúcháin. Ar 4 Feabhra 2008, ghairm an Chomhairle cruinniú de na comhpháirtithe oideachais chun tús a chur le díospóireacht náisiúnta ar an leanúntas in oideachas múinteoirí. Bhí díospóireacht fadréimseach ag an gcruinniú sin; thug an Chomhairle suntas don aiseolas mar bhonn eolais dá cuid plé. Sna míonna ina dhiaidh sin, rinne an Chomhairle creatlach a páipéir pholasaí a fhorbairt. I mí Dheireadh Fómhair 2008, mar chuid den dara céim chomhairliúcháin, ghairm an Chomhairle sraith de 11 chruinniú earnála inar phléigh na comhpháirtithe oideachais creatlach na cáipéise.


I mí an Mheithimh 2009, bhunaigh an Chomhairle foghrúpa dá Coiste Oideachais chun forbairt bhreise a dhéanamh ar an bpolasaí. Tháinig an grúpa oibre sin le chéile ar 16 ócáid idir mí Iúil 2009 agus mí na Samhna 2010; pléadh agus dréachadh roinnt atriallta agus uaidh sin tháinig an dréachtpholasaí a foilsíodh i mí na Nollag 2010. Le foilsíú an dréachtpholasaí thosaigh an tríú céim chomhairliúcháin. Glacadh ardleibhéal rannpháirteachais sa phróiseas agus fuarthas breis agus 200 aighneacht ó dhaoine aonair agus ó eagraíochtaí. Rinneadh gach aighneacht a léamh agus a mheas; tugadh an polasaí chun críche agus ghlac an Chomhairle leis ag cruinniú an 13 Meitheamh 2011.

Dul chun cinn suntasach é foilsíú na cáipéise seo mar go gcuireann sé creat ar fáil chun oideachas múinteoirí ar fud an leanúntais a athchoincheapú. Tá buíochas ag dul do na daoine seo a leanas: An tOllamh John Coolahan agus an Dr Paul Conway agus a chomhghleacaithe siúd, as a gcuid taighde a bhí mar bhonn eolais le plé na Comhairle; na daoine aonair agus na grúpaí a ghlac páirt i bpróiseas comhairliúcháin na Comhairle, agus ar an gcaoi sin a raibh tionchar acu ar threo an oideachais do mhúinteoirí in Éirinn sna blianta atá romhainn; baill na Comhairle Múinteoireachta agus, go háirithe, baill an gCoiste Oideachais agus baill an gGrúpa Oibre Polasaí, as a mionchúram agus a ndílseacht don obair i gcónaí; Gerry Malone, Susie Hall agus Noel Buckley, a bhí mar chathaoirligh ar an gCoiste Oideachais agus ar an nGrúpa Oibre Polasaí ag céimeanna éagsúla an phróisis agus a ghlac páirt lárnach cinnireachta chun an cháipéis seo a thabhairt chun críche; Carmel Kearns, Oifigeach Oideachais na Comhairle, a d'fheidhmigh mar rúnaí le linn an phróisis ar fad.

Le gach dea mhéin,



Aine Lawlor POF/Stiúrthóir



Lily Cronin Cathaoirleach

Gluais

Inniúlachtaí: Ráitis ar na saintréithe, scileanna agus eolas ar chóir do mhúinteoirí mar dhaoine gairmiúla a shealbhú agus a léiriú is ea inniúlachtaí. Próiseas forbarthach é inniúlacht a ghnóthú a leanann ar feadh gairmréime múinteora. Úsáidtear an téarma ‘cumais’ i dtíortha áirithe (i.e. an Nua-Shéalainn) agus ag taighdeoirí áirithe. Úsáidtear an téarma ‘inniúlachtaí’ sa pháipéar seo.

Leanúntas in oideachas múinteoirí: Léiríonn sé seo na gníomhaíochtaí oideachasúla agus forbarthacha, foirmiúil agus neamhfoirmiúil, lena bpléann múinteoirí, mar fhoghlaimoírí ar feadh an tsaoil, le linn a ngairmréime múinteoireachta. Cuimsíonn sé oideachas tosaigh múinteoirí, ionduchtú, forbairt ghairmiúil luath agus leanúnach agus, go deimhin, tacaíocht déanach ghairmréime.

Bonnstaidéir: Is réimse staidéir ildisciplíneach é an t-oideachas, agus tá mórán réimse foghlama, a eascraíonn as disciplíní eile foghlama a chuireann bonn faoi. Maidir le hoideachas, áirítear go hiondúil mar ‘bhonnstaidéir’ na réimsí seo a leanas: stair an oideachais; síceolaíocht an oideachais; socheolaíocht an oideachais; fealsúnacht an oideachais.

FAO: Ciallaíonn an téarma FAO nó Foras Ard-Oideachais, sa cháipéis seo, na coláistí, ollscoileanna agus forais eile tríú leibhéal a sholáthraíonn clár nó clár oideachas múinteoirí.

Múinteoirí asréime: Múinteoirí atá ag múineadh ábhair, ach nach bhfuil na cáilíochtaí acu san ábhar sin ag réiteach leis na critéir sainiúil don ábhar atá leagtha síos ag an gComhairle Mhúinteoireachta le haghaidh clárúcháin.

Punann ghairmiúil: Ciallaíonn an téarma punann ghairmiúil gléas a úsáideann múinteoir faoi oiliúint chun a c(h)uid oibre a tháifead i ndoiciméad, mar thaca chun athbhreithniú ar a c(h)leachtas, agus chun réimsí a léiriú ina mbeadh tacaíocht nó treoir de dhíth air/uirthi. Is cabhair an phunann do mhic léinn a bheith comhfhiosach faoi na teoiricí agus na boinn tuisceana a threoraíonn a gcleachtas, agus cuireann sí bonn le hidirphlé comhoibritheach faoin múinteoireacht.

Staidéir ghairmiúla: Cuimsíonn staidéir ghairmiúla staidéir ar oideolaíocht na n-ábhar atá ar an siollabas nó curaclam cúí (i.e. i gcás na hearnála bunoidreachais, réimse iomlán na n-ábhar atá ar an gCuraclam Bunscoile agus, i gcás iar-bhunoideachais, na hábhair ar an siollabas iar-bhunoideachais ina bhfuil an múinteoir faoi oiliúint ag speisialú). Ba chóir staidéir ghairmiúla a dhíriú i dtreo an aoisghrúpa chuí.

Socrúchán scoile: Ciallaíonn an téarma socrúchán scoile an chuid sin den chlár a tharlaíonn i suímh scoile, agus gur aidhm dó deis a thabhairt do mhúinteoirí faoi oiliúint teoiric oideachais a chur i bhfeidhm faoi chúinsí múinteoireachta agus comhthéacsanna scoile éagsúla. Tugann sé deis do mhúinteoirí faoi oiliúint páirt a ghlacadh i saol na scoile ar bhealach struchtúrtha tacaíthe. Tuigeann an Chomhairle gur leithne an téarma “cleachtadh múinteoireachta” i gcomhthéacs oideachas múinteoirí in Éirinn. Meastar, áfach, gur fearr a léiríonn an téarma “socrúchán scoile” bunús na taithí a chuimsíonn réimse gníomhaíochtaí múinteoireachta agus gníomhaíochtaí eile.

Brollach

Rinneadh an polasaí seo a fhorbairt de réir ról na Comhairle Múinteoireachta mar an comhlacht rialála a shocraíonn caighdeáin mhúinteoireachta agus a bhunaíonn dea-chleachtas ag céimeanna uile an leanúntais in oideachas múinteoirí.

Tá an t-ádh linn in Éirinn mar gheall ar fheabhas ár gcuid múinteoirí agus ní beag a chreidiúint san do ról tacaíochta an Stáit in oideachas múinteoirí. Glacann an Chomhairle leis gur “earra poiblí” é an t-oideachas; mar sin is mian linn a athdhearbhú gur príomhchúram agus ról díreach an Stáit é, i gcomhar leis an gComhairle, tacú le hoideachas múinteoirí ar ardchaighdeán. Chun an cúram seo a chur i gcrích, ba chóir don Stát, trí na Forais Ard-Oideachais aige (FAO) soláthar leordhóthanach de mhúinteoirí ardcháilithe a chinntiú, de réir an traidisiúin a bhí ann le blianta fada. Sa chomhthéacs seo, roinntear idir an Stát agus an ghairm cúram a dhéanamh den fhorbairt ghairmiúil leanúnach do mhúinteoirí. Ba chóir don Stát aird a thabhairt ar an drochthionchar atá ag díbhuanú na gairme, sa chaoi go bhfuil mórán múinteoirí fágtha i bhfostaíocht pháirtaimseartha nó gearrthéarmach ar feadh tréimhsí fada. Is gá don Stát a aithint chomh maith go gcuirtear caighdeán an teagaisc i gcontúirt trí mhúinteoirí asréime a úsáid.

Creideann an Chomhairle gur tráthúil anois é dearcadh úr críochnúil a thabhairt ar oideachas múinteoirí, chun a chinntiú go mbeidh múinteoirí an lae amárach inniúil ar aghaidh a thabhairt ar na dúshlán atá rompu, agus gur foghlaiméirí ar feadh an tsaoil iad, de shíor ag oiriúnú ar feadh a ngairmréime chun iad féin a chumasú mar thacaí le foghlaim a gcuid mac léinn.

Tá clár cuimsitheach taighde agus comhairliúcháin mar bhonn leis an bpáipéar seo; leagann sé amach polasaí na Comhairle ar an leanúntas in oideachas múinteoirí, ar a n-áirítear oideachas tosaigh múinteoirí, ionduchtú, agus forbairt ghairmiúil luath agus leanúnach. Tá an polasaí, chomh maith le sraith cháipéis coimhdeacha eile a chuidigh mar bhonn eolais leis, ar fáil le híoslódáil ó láithreán gréasáin na Comhairle, www.oid.ie

Aithníonn an Chomhairle, agus a polasaí á leagadh amach, luach an oideachais sa tsochaí, ról sainiúil na múinteoirí sa chóras oideachais agus iad ag freastal ar fhorbairt iomlánaíoch na mac léinn, agus castacht achrannach na múinteoireachta mar a léirítear é sa *Cód Iompair Ghairmiúil do Mhúinteoirí*. Athdhearbhaíonn an Chomhairle na haidhmeanna criticiúla, cáilíocht mhúinteoireachta agus foghlama a chothú, chomh maith le lárnacht bunluachanna agus gealltanais ghairmiúla na gairme múinteoireachta mar a leagtar amach sa *Chód* iad.

Aithníonn an Chomhairle freisin comhthéacs fuinniúil éabhlóideach na múinteoireachta; tá tuiscintí agus léargais nua tagtha chun cinn i réimse ábhar, ar a n-áirítear oideolaíocht, curaclam, measúnú, foghlaim dhaonna, oideachas luath-óige agus oideachas múinteoirí. Comhthreomhar leis seo, tá réimse nua dúshlán agus deiseanna os comhair múinteoirí sa seomra ranga le blianta beaga anuas. Ag cur le castacht na múinteoireachta in Éirinn sa 21ú aois tá: leanaí faoi mhíchumas agus/nó le riachtanais speisialta foghlama ag teacht isteach sna scoileanna príomhshrutha, an méadú ar líon na mac léinn ó chúlaí éagsúla eitneacha agus cultúrtha, na hathruithe sa tsochaí le breis ilchineálachta, athruithe ar struchtúir teaghlaigh agus fadhbanna nua sóisialta agus eacnamaíocha ag teacht chun cinn. Is treise an castacht seo de bhrí gur iomadúil na comhthéacsanna múinteoireachta sna hearnálacha bunoidreachais,

iar-bhunoideachais agus breisoideachais; mar sin, tá éagsúlacht sa réimse riachtanas ar fud agus laistigh de na hearnálacha éagsúla.

Tá tionchar suntasach ar mhúinteoireacht ag luas na n-athruithe sa chóras oideachais ó na 1990í anuas; rinneadh athruithe suntasacha ar churaclam, oideolaíocht agus measúnú ag bunleibhéal agus iar-bhunleibhéal chomh maith le luas na n-athruithe reachtúla san earnáil oideachais. Díríonn Aistear¹, creat nua don oideachas luath-óige, ar obair na múinteoirí sna ranganna sóisearacha bunscoile. Léiríonn *Straitéis 20 Bliain don Ghaeilge 2010-2030 an Rialtais* na dúshláin agus na riachtanais a éiríonn maidir le múinteoirí a ullmhú chun Gaeilge a mhúineadh ar feadh a ngairme. Léiríonn an *Draft National Plan to Improve Literacy and Numeracy in Schools* na dúshláin a éiríonn maidir le litearthacht agus uimhearthacht agus na forbairtí is gá chun cur le scileanna múinteoirí maidir le litearthacht agus uimhearthacht a theagasc. Tá ról lárnach ag teacht chun cinn na dteicneolaíochtaí nua agus na meán sóisialta ar bhealaí cumarsáide agus foghlama daoine óga agus tá tionchar aige seo ar gach uile réimse oideachais. Ceisteanna níos suntasaí iad aird ar chuimsiú sóisialta, leanaí le deacrachtaí foghlama a aithint go luath, ilchultúrthacht, comhpháirtíocht agus TFC. Tá ionchas níos airde maidir le ról múinteoirí agus athrú mór cultúrtha, agus is gá do mhúinteoirí anois tuilleadh idirghníomhaíochta a bheith acu le mic léinn, comhghleacaithe, tuismitheoirí agus comhpháirtithe.

Go hachomair, toisc eolas, tuiscintí agus léargais nua ar churaclam, oideolaíocht, measúnú agus foghlaim múinteoirí a theacht chun cinn, chomh maith le leasú sochaí, dlí agus oideachais a bheith ag tapú agus ról múinteoirí ag dul i gcastacht, tá comhthéacs tábhachtach don pholasaí seo ar fáil.

¹ *Aistear: the Early Childhood Curriculum Framework* a thug an Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta (NCCA) chun cinn i gcomhpháirtíocht leis an earnáil luath-óige. Foilsíodh é i mí Dheireadh Fómhair 2009.

An Leanúntas in Oideachas Múinteoirí

Is é is leanúntas in oideachas múinteoirí ná na gníomhaíochtaí oideachasúla agus forbarthacha, foirmiúil agus neamhfhoirmiúil, lena bpléann múinteoirí, mar fhoghlaimoirí ar feadh an tsaoil, le linn a ngairmréime múinteoireachta. Cuimsíonn sé oideachas tosaigh múinteoirí, ionductú, forbairt ghairmiúil luath agus leanúnach agus, go deimhin, tacaíocht dhéanach gairmréime; cumascann gach céim gan uaim isteach sa chéad chéim eile agus comhcheanglaíonn ar bhealach fuinniúil le gach ceann de na céimeanna eile.

Go hidirnáisiúnta, ba nós é tagairt don leanúntas in oideachas múinteoirí mar thrí chéim – oideachas tosaigh múinteoirí, ionductú agus forbairt le linn gairmréime. Glacann an Chomhairle leis go bhfuil trí ghné ar chóir iad a bheith mar bhonn le gach céim den leanúntas – **nuálaíocht, comhtháthú** agus **feabhsú**.

Nuálaíocht

Creideann an Chomhairle go bhfuil nuálaíocht riachtanach ag céimeanna uile an leanúntais chun go mbeidh oideachas múinteoirí éifeachtach ag freastal ar na riachtanais athraíocha a léiríodh sa bhrollach. Féachann an Chomhairle ar choincheap na nuálaíochta ag cuimsiú na bpróiseas i dtreo is go ndéantar machnamh úr ar oideachas múinteoirí chun é a athnuachan agus a fheabhsú. Caithfear oideachas tosaigh múinteoirí a athchoincheapú chun go mbeidh sé oiriúnach don fheidhm maidir le múinteoirí an 21ú aoise a ullmhú agus go ndéantar idirphlé cuí leis an gcéim ionductaithe. Caithfear cláir ilghnéitheacha nuálaíochta a fhorbairt agus a chur ar fáil do gach múinteoir, chun a chinntiú go mbeidh aistriú gan uaim ó bheith mar mhac léinn ar chlár oideachas tosaigh múinteoirí go múinteoir cleachtach sa seomra ranga. Chomh maith leis sin, maidir le forbairt ghairmiúil luath agus leanúnach, caithfear múnlaí nua soláthair a thabhairt chun cinn mar chúnamh do mhúinteoirí an t-eolas gairmiúil, scil agus inniúlachtaí oiriúnach dá gcuid teagaisc a fhorbairt agus a leathnú.

Comhtháthú

Tá téama an chomhtháthaithe sníofa tríd an gcáipéis seo. In Éirinn, le blianta anuas, tá aithint ar oideachas múinteoirí mar leanúntas; léirítear é seo sa *Report on the National Education Convention* (1993), *Páipéar Bán an Rialtais Charting Our Education Future* (1995) agus Tuarascáil an OECD, *Teachers Matter: Attracting, Developing and Retaining Effective Teachers* (2005). Tá sonraí breise ar fáil i dtuarascáil chúlra na Comhairle, *Teacher Education in Ireland and Internationally*, a ghabhann leis an gcáipéis seo.

Léiríodh an dearcadh seo ar oideachas múinteoirí mar leanúntas sna 1990í láir, nuair a bhunaigh an Roinn Oideachais agus Scileanna an tAonad Forbartha Inghairme (ICDU), a ghairmtear an Rannóg Oideachas Múinteoirí (TES) anois air. Bhí mar réasúnaíocht leis an athrú riaracháin ó ICDU go TES ná a chinntiú go mbeadh comhtháthú i bpolasaí agus i gcleachtas oideachas múinteoirí thar ghnéithe uile na gairmréime múinteoireachta.

In ainneoin taighde, tuarascála agus athstruchtúrú ar rannóga laistigh den Roinn Oideachais agus Scileanna tá fadhb shuntasach fós in Éirinn maidir le hilroinnt in oideachas múinteoirí, gan nascáil dóthanach idir céimeanna an leanúntais. Chomh maith leis sin, táthar i dtuilleamaí iomarcach ar oideachas tosaigh múinteoirí sa chomhthéacs nach raibh, go dtí le fíordhéanaí, clár foirmiúil ionduchtaithe ar fáil do mhóramh na múinteoirí nuacháilithe (MNC). Tá sé aitheanta le fada gur gá comhtháthú níos láidre a chur i bhfeidhm maidir le soláthar ag céimeanna uile an leanúntais agus creideann an Chomhairle go gcaithfear aghaidh a thabhairt ar an gceist seo ar bhonn tosaíochta.

Feabhsú

Aithníonn an Chomhairle go bhfuil mórán oibre den scoth á déanamh ag soláthraithe maidir leis an gcéim thosaigh in oideachas múinteoirí. Ach tá deiseanna chun feabhais léirithe i réimsí lárnacha, i.e. tá ualach ró-throm ar mhóran de na cláir reatha agus iad bunaithe ar mhúnlaí atá beagán as dáta, le béim mhór ar uaireanta teagmhála agus measúnú. Ní fhágann sé seo dóthain ama ná spáis chun forbairt mhúinteoirí a thionscnamh go lánbhríoch, mar fhoghlaimoirí ar feadh an tsaoil a bheadh machnamhach agus dírithe ar fhiosracht. Tá dul chun cinn mar seo riachtanach chun múinteoirí a ullmhú chun síor-fhéinmheasúnú a dhéanamh, agus iad ag comhoibriú agus ag oiriúnú ar feadh a ngairmréime, chun freastal ar réaltachtaí athraíocha na seomraí ranga ina mbeidh siad ag teagasc.

Fáiltíonn an Chomhairle roimh an Clár Náisiúnta Ionduchtaithe do Mhúinteoirí a tugadh isteach le déanaí, agus atá ar fáil do mhúinteoirí uile nuacháilithe, ach creideann an Chomhairle nach bhfuil anseo ach an pointe tosaigh, agus go bhfuil an-scóip fós ann maidir le fás agus feabhsú.

Chomh maith leis sin, cé go n-aithníonn an Chomhairle an réimse clár atá ar fáil do mhúinteoirí maidir le forbairt ghairmiúil leanúnach, creideann sí go bhfuil gá le feabhas mór sa réimse seo chun a chinntiú go ndéanfar an fhorbairt acmhainne fadtéarmach atá riachtanach anois sa chóras.

Tuigeann an Chomhairle an gá atá le straitéisí a chumasóidh comhleanúnachas agus comtháiteacht ar feadh an leanúntais agus a chinnteoidh go mbainfear caighdeán chuí amach.

Tá aird ag an gComhairle freisin ar *Straitéis 20 Bliain don Ghaeilge 2010-2030 an Rialtais* ina leagtar amach réimsí gníomhaíochtaí Rialtais faoi cheannteidil éagsúla, oideachas san áireamh. Ag teacht leis an straitéis sin, aithníonn an Chomhairle gur gá ardchaighdeán sa Ghaeilge ag múinteoirí bunscoile agus iar-bhunscoile maidir le Gaeilge a theagasc mar ábhar, í a úsáid mar mheán cumarsáide agus mar mheán teagaisc. Glacann an gComhairle leis gur féidir an riachtanas seo a thabhairt san áireamh ag gach céim den leanúntas. Tá muinín ag an gComhairle gur féidir le soláthraithe oideachas múinteoirí agus gníomhaíochtaí eile an stór cumais agus acmhainní atá ann cheana féin a thabhairt chun cinn chun freastal ar na dúshláin agus na riachtanais a éiríonn sa chomhthéacs seo.

Treoirphrionsabail

Is é polasaí na Comhairle Múinteoireachta gur chóir oideachas múinteoirí a bhunú ar thrí cholún – nuálaíocht, comhtháthú agus feabhsú – agus é á thacú ó bhonn ag roinnt prionsabal lárnacha. Ba chóir dó:

- bheith dírithe ar an bhfoghlaim, atá i gcoilár gach iarracht oideachais;
- bheith bunaithe ar chroíluachanna agus gealltanais ghairmiúla atá lárnach don mhúinteoireacht, mar atá leagtha amach ag an gComhairle Mhúinteoireachta sa Cód Iompair Ghairmiúil do Mhúinteoirí;
- bheith bunaithe ar an taighde agus ar an bhfianaise is fearr atá ar fáil;
- a aithint gur foghlaiméirí ar feadh an tsaoil iad múinteoirí agus gur leanúntas é oideachas múinteoirí;
- na hinniúlachtaí sin a fhorbairt a éascaíonn foghlaim den scoth, a dhéanann freastal ar thosaíochtaí oideachais agus atá lárnach do chleachtas gairmiúil agus d'fhás pearsanta múinteoirí;
- grá don fhoghlaim agus tuiscint iontais agus fiosraithe a chothú;
- foghlaim a spreagadh atá bunaithe ar léargas, ar léirmheas agus ar thaighde;
- bheith bunaithe ar thuiscint leathan faoi chleachtas na múinteoireachta, ina bhfuil caidrimh chasta agus a éilíonn cineálacha éagsúla eolais ghairmiúil¹, meonta agus claonta;
- bheith tacaithe ag struchtúir chuí gur aidhm dóibh comhleanúnachas a bhaint amach ag céimeanna uile an leanúntais;
- bheith ceaptha agus curtha ar fáil trí mhúnla comhpháirtíochta i gcomhar le múinteoirí, scoileanna agus oideoirí múinteoirí;
- acmhainní dóthanacha a sholáthar chun freastal ar riachtanais na múinteoirí, na scoileanna agus an chórais;
- a aithint go bhfuil múinteoirí, mar dhaoine ghairmiúla agus mar sheirbhísigh phoiblí, freagrach as caighdeán na seirbhíse a chuireann siad ar fáil;
- bheith faoi athbhreithniú tráthúil agus luacháil leanúnach maidir le riachtanais agus le tosaíochtaí.

¹ Eolas do chleachtas, eolas i gcleachtas agus eolas ar chleachtas, mar a léirítear go mion i Cochran-Smith, M., & Lytle, S. L. (1999). *Relationships of knowledge and practice: teacher learning in communities*, *Review of Research in Education*

Oideachas Tosaigh Múinteoirí

Ciallaíonn Oideachas Tosaigh Múinteoirí (OTM) an bhonnchéim fhoghlama mar mhúinteoir nuair a bhíonn múinteoirí faoi oiliúint ag freastal ar chlár aitheanta oideachas múinteoirí curtha ar fáil ag Foras Ard-Oideachais. Tá tuilleadh eolais faoi sholáthar oideachas tosaigh múinteoirí, in Éirinn agus go hidirnáisiúnta, ar fáil i gcáipéis chúlra na Comhairle, *Teacher Education in Ireland and Internationally*.

Polasaí ar Oideachas Tosaigh Múinteoirí

Polasaí cineálach é polasaí na Comhairle Múinteoireachta ar Oideachas Tosaigh Múinteoirí; chomh fada agus is féidir; baineann sé le cláir do mhúinteoireacht bhunscoile agus iar-bhunscoile, comhthráthach agus leantach, agus eanáil an bhreisoideachais san áireamh. Déanfar é a athchóiriú ó am go céile, ag tabhairt aird ar athbhreithnithe leanúnacha na Comhairle ar chláir oideachas tosaigh múinteoirí.

Tá polasaí na Comhairle bunaithe ar na prionsabail chineálacha maidir le dea-oideachas múinteoirí a leagtar amach ar leathanach 10, a thógann san áireamh an tiomáint um nuálaíocht, comhtháthú agus feabhsú.

Oideachas Tosaigh Múinteoirí, Múnlú Múinteoirí agus an Leanúntas

- Is é an tOideachas tosaigh múinteoirí túscheim an leanúntais in oideachas múinteoirí, agus bonn gairmréime an mhúinteora; caithfear tógáil air sin trí ionduchtú, forbairt ghairmiúil luath agus leanúnach ag cur chuige ar mhodh bíseach, i.e. ag dul siar ar thopaicí, ábhair nó téamaí ar feadh na gairmréime chun tuiscint a thógáil, a leathnú agus a dhoimhniú.
- Ba chóir d'oideachas tosaigh múinteoirí eolas ar chleachtas agus eolas do chleachtas a fhorbairt, chomh maith le cumas agus scil an mhúinteora faoi oiliúint ar léargas criticiúil a dhéanamh ar a gcleachtas féin agus ar chleachtas daoine eile, ar a thugtar sa litríocht eolas i gcleachtas. Is é an sprioc ná gur fearr a dhéanfadh duine léirmheas réalaíoch ar a c(h)uid oibre féin, fiú mar thús. Agus an cuspóir seo á chur chun cinn, ba chóir béim a leagan ar na tairbhí maidir le foghlaim ghairmiúil a thagann as múinteoirí faoi oiliúint ag measúnú a chéile i ngrúpaí.
- In oideachas tosaigh múinteoirí ba chóir aitheantas, agus dúshlán nuair is cuí, a thabhairt do na meonta agus do na tuairimí faoi theagasc agus foghlaim a thugann múinteoirí faoi oiliúint leo, agus atá mar bhonn eolais agus treoir dá gcuid cleachtas gairmiúil.
- Ba chóir do mhúinteoirí faoi oiliúint, agus iad faoi oideachas tosaigh múinteoirí, punann ghairmiúil fhorbartha a chur le chéile, agus an cleachtas seo a leanúint le linn foghlama ar feadh an tsaoil.
- Ba chóir do mhúinteoirí faoi oiliúint, le linn a bhfoghlama dóibh, staidéar a dhéanamh ar na hábhair churaclaim/siollabais a mhúinfidh siad, maidir le hinneachar, aidhm agus oideolaíocht. Ba chóir dóibh freisin díriú ar na léargais, claonta agus cumais oideolaíochta a chuirfidh ar a gcumas, le breis líofachta agus muinte, daoine eile a mhealladh isteach chun a leithéid d'ábhair a fhoghlaim ar bhealaí atá samhlaíoch agus aois-oiriúnach.

-
- Ba chóir go ndéanfadh cláir oideachas tosaigh múinteoirí na múinteoirí faoi oiliúint a ullmhú maidir le réimsí lárnacha, ar a n-áirítear pleanáil scoile agus seomra ranga, measúnú, luacháil, stiúradh seomra ranga agus múineadh difreálach chun freastal ar riachtanais an fhoghlaim aonair.
 - Ba chóir múinteoirí faoi oiliúint a ullmhú chun teacht isteach ar a ról gairmiúil sa chomhthéacs gur timpeallacht chomhpháirtíoch fhuinniúil í an scoil, chun cabhrú leo plé le comhghleacaithe, comhghairmithe agus tuismitheoirí agus a ról ar leith a thuiscint.
 - Ba chóir sraith inniúlachtaí a sholáthar do mhúinteoirí nuacháilithe chun foghlaim den scoth a éascú, agus chun freastal ar thosaíochtaí reatha oideachais mar litearthacht agus uimhearthacht, TFC agus cuimsiú.

Iontráil ar Oideachas Tosaigh Múinteoirí

- Ba chóir go ndéanfadh gnáthaimh roghnúcháin don oideachas tosaigh múinteoirí measúnú, chomh fada agus is féidir, ar an réimse leathan tosa a d'fhéadfadh imirt ar oiriúnacht iarratasóra le haghaidh iontrála sa ghairm. Sa chomhthéacs sin, ba chóir riachtanais iontrála agus gnáthaimh roghnúcháin a athbhreithniú lena dtabhairt san áireamh: tástála inniúlachta agus agallaimh struchtúrtha; éifeacht réamh-thaithí chuí; cuótaí ábhair; caighdeán na gnóthachtála acadúla atá riachtanach. Maidir leis an bpointe deireanach seo ach go háirithe, ceapann an Chomhairle gur chóir an riachtanas iontrála i gcás na Matamaitice ag bunleibhéal a ardú. Dhéanfadh a leithéid d'athbhreithniú féachaint ar bhealaí chun iontráil sa ghairm ag grúpaí faoi ghann-ionadaíocht a éascú agus ar bhealaí malartacha chun cumas uimhearthachta, litearthachta agus Gaeilge, mar is cuí, a mheasúnú roimh iontráil. Ba chóir dó freisin athbhreithniú ar an gcleachtas reatha atá ann cuótaí a úsáid i gcás iarratais Ghaeltachta ag leibhéal na bunscoile.

Cláir

- Ba chóir na bonnstaidéir, na staidéir ghairmiúla agus an socrúchán scoile a phleanáil go cúramach i bhfianaise na n-athruithe tuisceana ar an gcineál foghlama agus ar an ngaol idir teoiric agus cleachtadh, i dtreo is go bhfuil cothromaíocht chuí eatarthu agus go léirítear an t-idirghaol eatarthu.

Ba chóir do na bonnstaidéir:

- léargais a sholáthar, bunaithe ar thaighde, ar thuiscint na múinteoirí faoi oiliúint ar chleachtais mhúinteoireachta, foghlama agus measúnaithe;
- léiriú a thabhairt ar thoisí lárnacha an chomhthéacs ghairmiúil ina ndéantar machnamh agus gníomhartha múinteoirí a chur i bhfeidhm;
- bonn a sholáthar d'éitic ghairmiúil láidir sa mhúinteoireacht;
- bonn a sholáthar do chleachtas machnamhach.

- Ba chóir staidéir ghairmiúla mar oideolaíochta ábhair (modheolaíochtaí) agus staidéir churaclaim a cheapadh chun scileanna cumarsáide na múinteoirí faoi oiliúint a chur chun cinn. Ba chóir freisin eolas ar ábhar oideolaíochta a chothú agus an tuiscint agus géire intinne a shaothrú chun líofacht in ábhar nó ábhair theagaisc a aistriú ina chumas cinnte oideolaíochta. Ina leithéid de staidéir, déantar an teagasc féin a thuiscint agus a chleachtadh mar bhealach foghlama féinmheasach ag múinteoirí faoi oiliúint, le raidhse deiseanna ar obair ghrúpa agus tionscnaimh fiosraithe le comhghleacaithe.
- Áit a bhfuil ábhair acadúla roghnacha sa chlár, ba chóir go mbeadh bunábhar iontu oiriúnach do theagasc an ábhair san earnáil chuí. Cé go bhfuil sé mar aidhm ag a leithéid cur le forbairt phearsanta agus cultúrtha na mac léinn, ba chóir go mbainfidís freisin lena gcuid oibre feasta mar mhúinteoirí agus le teoraithe ábhair a thabhairt chun cinn. Ba chóir réimse agus fócas a leithéid d'ábhair a athbhreithniú chun na haidhmeanna seo a léiriú.

An Socrúchán Scoile

- Ba chóir féachaint ar an taithí socrúchán scoile, ní amháin mar bhealach chun saothar an mhúinteora faoi oiliúint a mheasúnú, ach mar dheis luachmhar fhorbartha don mhúinteoir faoi oiliúint. Is gá múnlaí nua agus nuálacha a thabhairt chun cinn ar bhealach comhpháirtíochta, i dtreo is go mbeidh FAO agus scoileanna ag comhoibriú go gníomhach in eagrú an tsocrúcháin. Ina leithéid de mhúnlaí thitfeadh tuilleadh freagrachta ar an ngairm maidir le tacaíocht struchtúrtha a sholáthar dá baill nua agus tuilleadh freagrachta de réir a chéile sa seomra ranga ar mhúinteoirí faoi oiliúint. Áirítear mar thacaíocht struchtúrtha, meantóireacht, maoirsiú agus anailís léirmheastach ar thaithí i dteannta le breathnú ar mhúinteoirí a bhfuil taithí acu agus bheith ag comhrá leo. Faoin múnla comhpháirtíochta seo, bheadh coinne leis go nglacfadh gach scoil aitheanta le múinteoir faoi oiliúint ar socrúchán.
- Ba chóir go dtarlódh an socrúchán scoile i gcúinsí éagsúla agus i suímh teagaisc agus comhthéacsanna scoile éagsúla: aoisghrúpaí éagsúla mac léinn; earnálacha éagsúla, (bunoideachas/iar-bhunoideachas/breisoideachas), mar is cúí; timpeallachtaí éagsúla socheacnamaíochta agus cultúrtha; cúinsí teagaisc ilranga agus faoi chumais mheasctha; agus cúinsí teagaisc foirne/comhtheagaisc. Sna comhthéacsanna seo uile, ba chóir go mbeadh deis ag múinteoirí faoi oiliúint ceachtanna a phleanáil agus a chur i gcrích agus aiseolas cuiditheach a ghlacadh.
- I gcomhthéacs na gclár fadaithe (féach thíos), ba chóir go ligfeadh an socrúchán scoile don mhúinteoir faoi oiliúint gníomhaíochtaí éagsúla neamh-mhúinteoireachta a ghlacadh agus breathnú ar réimse leathan de chur chuige éagsúla teagaisc. Ba chóir go dtabharfadh cláir de thréimhse fadaithe caoi chun dearcadh níos machnamhaí agus níos fiosraí ar an socrúchán scoile a thabhairt chun cinn.

Measúnú

- Ba chóir córais dian a bheith ar fáil chun measúnú a dhéanamh ar fhorbairt na n-inniúlachtaí is gá do chéimithe múinteoireachta a shealbhú. Ba chóir dá leithéid de chórais a chinntiú go bhfuil an céimí múinteoireachta inniúil ar chleachtas marthanach sa seomra ranga.
- Mar chuid de chlár ar bith oideachas tosaigh múinteoirí, bunleibhéal agus iar-bhunleibhéal, ba chóir do gach múinteoir faoi oiliúint cúrsaí a dhéanamh maidir le teagasc agus measúnú litearthachta agus uimhearthachta. Ba chóir don mheasúnú a gcuid leibhéal féin litearthachta agus uimhearthachta a mheas, chomh maith lena gcumas chun iad a theagasc agus a mheasúnú.

Tréimhse agus Cineál na gClár Oideachas Tosaigh Múinteoirí

- Tugann an polasaí seo aird ar ról na Comhairle, i gcomhar leis an Roinn Oideachais agus Scileanna, tréimhse agus cineál oideachas múinteoirí a cheapadh. Aithníonn an Chomhairle na láidreachtaí ar leith sa dá mhúnla – comhthráthach agus leantach – agus tá an Chomhairle den tuairim gur chóir don Stat cothromaíocht a choinneáil maidir leis an dá mhúnla a sholáthar. Tugann an Chomhairle faoi deara gur sna cláir ina bhfuil codanna praiticiúla, saotharlainne nó ceardlainne amháin a chleachtar an bealach comhthráthach faoi láthair. Chuirfeadh an Chomhairle fáilte roimh thástáil bhreise sa réimse clár a chuirtear ar fáil ar an mbealach seo.
- I gcásanna a rialaíonn an Roinn Oideachais agus Scileanna líon na n-áiteanna ar chláir, ba chóir réamhfhógra dóthaineach faoin leithdháileadh a thabhairt do na soláthraithe chun pleanáil ilbhliantúil a éascú.
- Ba chóir do thréimhse agus cineál na gclár um oideachas tosaigh múinteoirí aird a thabhairt ar riachtanais fhorbartha gairmiúla agus pearsanta na múinteoirí faoi oiliúint ag an mbonnchéim ríthábhachtach seo agus ar an ghá atá le cinntiú go bhfuil aitheantas idirnáisiúnta ar na cáilíochtaí. Ba chóir go mairfeadh clár comhthráthach ceithre bliana ar a laghad; ba chóir cláir iarchéime oideachas múinteoirí a rith thar thréimhse dhá bhliain, chun athchoincheapú nuálach ar chláir reatha a éascú. Ba chóir réimsí lárnacha a chlúdach sa tréimhse bhreise atá ar fáil, seachas ábhair acadúla roghnacha, chun freastal ar na gnéithe seo a leanas:
 - tréimhsí fadaithe socrúchán scoile;
 - béim níos láidre ar obair a bhaineann le punann ghairmiúil fhorbartha, cleachtas machnamhach agus foghlaim bunaithe ar thaighde/fiosrú;
 - béim níos láidre ar na tosaíochtaí atá lárnach agus straitéiseach – litearthacht agus uimhearthacht, TFC agus cuimsiú;
 - modhanna breisithe seachadta chun teacht níos leithne ar chláir oideachas múinteoirí a éascú.

-
- Creideann an Chomhairle gur chóir go mbeadh cláir athchoincheaptha, fadaithe ar fáil faoi 2012/2013 ar a dhéanaí i gcás cláir chomhthráthacha agus faoi 2014/2015 ar a dhéanaí i gcás cláir leantacha. Tugann an Chomhairle aird ar na ceisteanna a thóg roinnt de na rannpháirtithe le linn an phróisis chomhairliúcháin, maidir le aimhrialtachtaí a d'fhéadfadh a eascairt as fad a chur le tréimhse na gclár comhthráthach. Glactar le bailíocht na gceisteanna sin, agus gur ghá go mbeadh comhráití idir an Chomhairle agus na geallchoimeádaithe príomha maidir leis na ceisteanna sin. Ba chóir do na comhráití seo a mheas conas a d'fhéadfaí na cáilíochtaí éagsúla a aithint mar pháirtchomhlíonadh ar chéim Mháistir.

Ceisteanna faoi Acmhainní a chur ar fáil

- Tá na nithe seo a leanas i measc na gceisteanna atá le meas maidir le hacmhainní a chur ar fáil:
 - Ba chóir go mbeadh cáilíochtaí agus taithí chuí ag léachtóirí agus baill eile foirne atá freagrach as forbairt ghairmiúil agus pearsanta múinteoirí atá faoi oiliúint;
 - Ba chóir go gcuirfeadh institiúidí dóthain foirne ar fáil chun imeachtaí dírithe ar an mac léinn a sholáthar, go háirithe trí cheardlanna gníomhacha teagaisc;
 - Ba chóir go mbeadh áiseanna an FAO, oiriúnach don chlár atá i gceist, ar fáil mar thaca le teagasc, le foghlaim agus le taighde.

Ionduchtú

Is féidir ionduchtú a shainmhíniú mar chláir oideachas tosaigh múinteoirí a tharlaíonn sa tréimhse rithábhachtach sin ag tús gairmréime an mhúinteora nuacháilithe, de ghnáth sa chéad bhliain tar éis a c(h)áilithe mar mhúinteoir. Is aidhm do chláir ionduchtaithe tacaíocht chórasach ghairmiúil agus phearsanta a thairiscint don mhúinteoir nuacháilithe. Sa scoil atá an tacaíocht seo bunaithe den chuid is mó agus tugann múinteoir le taithí, ar a dtugtar meantóir de ghnáth, an tacaíocht sin sa scoil i gcomhar le comhghleacaithe agus soláthraithe oideachas tosaigh múinteoirí. Tá sé bunaithe ar oideachas tosaigh múinteoirí agus leagann sé bunraith maidir le fás agus le forbairt ghairmiúil agus phearsanta ina dhiaidh sin. Mar sin, is tréimhse shuntasach í an t-ionduchtú maidir le leanúntas gan uaim in oideachas múinteoirí a thógáil. Tá tuilleadh eolais faoi ionduchtú, in Éirinn agus go hidirnáisiúnta, ar fáil i gcáipéis cúlra na Comhairle, *Teacher Education in Ireland and Internationally*.

Fáiltíonn an Chomhairle roimh an ráiteas ón Aire Oideachais agus Scileanna i mí Lúnasa 2010 go bhfuil sé i gceist alt 7(2)(f) den Acht um Chomhairle Mhúinteoireachta a thosú, maidir le hionduchtú múinteoirí sa ghairm mhúinteoireachta, i mí Mheán Fómhair 2012. Tá an Chomhairle ag ullmhú anois dá ról sa réimse sin agus i mbun oibre chun cleachtais ionduchtaithe do mhúinteoirí nuacháilithe a bhunú ón dáta sin amach. Mar chuid den obair sin, tá an Chomhairle ag féachaint ar conas a rachadh na cleachtais sin i gcomhréir leis an tréimhse phromhaidh.

Polasáí ar Ionduchtú

Tá polasáí na Comhairle Múinteoireachta ar ionduchtú bunaithe ar an tuiscint gur sampla, *par excellence*, é an mhúinteoireacht den fhoghlaim ar feadh an tsaoil agus nach féidir le hoideachas tosaigh múinteoirí 'táirgí críochnaithe' a chur ar fáil. Aithnítear freisin tábhacht an ionduchtaithe chun scoileanna a shaihbriú mar thimpeallachtaí foghlama; áirítear anseo na hathruithe suntasacha i gcleachtais oibre is gá i gcláir nuálacha ionduchtaithe agus a chothaíonn na cláir sin. Mar sin, glacfar céim mhór chun tosaigh maidir le leanúntas in oideachas múinteoirí in Éirinn a thógáil nuair a chuirfear cláir chuimsitheacha ionduchtaithe i bhfeidhm do mhúinteoirí uile nuacháilithe.

Tá polasáí na Comhairle ar ionduchtú bunaithe ar thrí cholún – nuálaíocht, comhtháthú agus feabhsú – agus ar na prionsabail chineálacha dea-oideachais do mhúinteoirí atá léirithe ar leathanach 10. Ina dteannta san, tá suntas leis na prionsabail seo a leanas, a bhaineann le hionduchtú go háirithe.

Ionduchtú do gach MNC

- Ba chóir go mbeadh clár ilghnéitheach náisiúnta ionduchtaithe agus ba chóir go mbeadh deis socrúchán scoile ag gach MNC chun ligean dóibh páirt iomlán a ghlacadh sa phróiseas ionduchtaithe.
- Ba chóir a chinntiú i bhfeidhmiú an chláir go bhfuil ionduchtú ar fáil do gach MNC sa chéad bhliain tar éis dóibh a cháiliú.
- Ba chóir go mbeadh sé riachtanach clár ionduchtaithe a chríochnú go sásúil chun clárúchán iomlán a bhaint amach.

Ionduchtú agus an Leanúntas

- Ní hionann ionduchtú – gur próiseas múnlaiteach é go príomha – agus promhadh – gur próiseas meastóireachta é go príomha.
- Ba chóir go mbeadh dlúthghaol ag cláir ionduchtaithe le cláir oideachas tosaigh múinteoirí agus go mbeadh siad ag tógáil orthu; ba chóir dóibh a bheith bunaithe ar chur chuige comhoibritheach, le comhpháirtíocht idir FAO, an gréasán ionad oideachais, seirbhís tacaíochta agus scoileanna.
- Ba chóir go mbeadh ionduchtú agus forbairt ghairmiúil leanúnach bunaithe ar an seasamh i dtreo fiosraithe a chuirtear tús leis in oideachas tosaigh múinteoirí. Ba chóir freastal ar naisc agus idirphlé struchtúrtha in aon chlár náisiúnta ionduchtaithe.
- Ba chóir go ndéanfadh cláir ionduchtaithe idirphlé MNC i bhfoghlaim ar feadh an tsaoil a mhúnlú agus cuidiú leo leanúint lena bhforbairt mar mhúinteoirí le cumas agus éifeacht.
- Ba chóir go ndéanfadh ionduchtú freastal ar riachtanais ghairmiúla foghlama MNC agus ar a n-ionduchtú i bpobail foghlama chun foghlaim ar feadh an tsaoil a chleachtadh mar dhaoine gairmiúla.

Cláir ionduchtaithe a Dhearadh

- Ba chóir cláir ionduchtaithe a dhearadh trí phróiseas comhairliúcháin i bpáirt le FAO, ionadaithe scoile agus iad siúd a sholáthraíonn forbairt ghairmiúil leanúnach.
- Ba chóir go mbeadh, i gcláir ionduchtaithe, fáil ar mheantóir le taithí chúig bliana ar a laghad mar mhúinteoir in-scoile.
- Ba chóir meantóirí a oiliúint sa ról le cláir ar leith um forbairt mheantóireachta.
- Chomh fada agus is féidir, ba chóir meantóirí agus MNC a chomhoiriúnú maidir le saineolas curaclaim/ábhair. Ba chóir do scoileanna atá i gcóngar a chéile comhoibriú chuige seo.
- Ba chóir do MNC a bhforbairt ghairmiúil leanúnach a mhúnlú go gníomhach, maidir le punann ghairmiúil fhorbartha a thosú le linn oideachas tosaigh múinteoirí agus tógáil air ar feadh a ngairmréime múinteoireachta.
- Ba chóir cláir chreidiúnaithe a sholáthar do mheantóirí agus MNC, laistigh de chreat foghlama ar feadh an tsaoil a cheapfaidh an Chomhairle.

Comhpháirtíocht le Scoileanna

- Ba chóir ionduchtú a bhunú ar chur chuige sa scoil iomlán, a fhéachann ar ionduchtú agus ar mheantóireacht mar chúram gairmiúil ar phobal iomlán na múinteoirí, le tacú ó sholáthraithe OTM agus cinnireacht na scoile, agus nasctha le plean forbartha na scoile.
- Ba chóir go mbeadh tionchar an mhúinteora le taithí, an phríomhoide agus bhainistíocht na scoile le feiceáil sa tacaíocht a thugtar don MNC le linn na tréimhse ionduchtaithe.

Acmhainní a chur ar fáil

- Ba chóir go mbeadh fáil ag cláir ionductaithe ar sheirbhís tacaíochta ionductaithe.
- Chun cláir éifeachtacha ionductaithe a sholáthar, is gá struchtúir, acmhainní agus próisis chuí, ar a n-áirítear oiliúint meantóirí, am le haghaidh cruinnithe le meantóirí, piarbheathnú agus freastal ar chúrsaí ábhartha do MNC.
- Maidir leis an bpointe deireanach seo, molann an Chomhairle gur chóir am ar leith a chur ar fáil chun MNC agus meantóirí a fhorbairt.

Measúnú

- Ba chóir athbhreithniú tráthúil agus measúnú leanúnach, maidir le riachtanais agus tosaíochtaí, a dhéanamh ar aon chleachtais ionductaithe a chuirtear ar fáil.

Forbairt Ghairmiúil Leanúnach

Ciallaíonn forbairt ghairmiúil leanúnach (FGL) foghlaim ar feadh an tsaoil ag múinteoirí; cuimsíonn sé an réimse iomlán taithí oideachais ceaptha le saibhriú a dhéanamh ar eolas gairmiúil, tuiscint agus ábaltachtaí múinteoirí ar feadh a ngairmréime. Tá tuilleadh eolais faoi fhorbairt ghairmiúil leanúnach, in Éirinn agus go hidirnáisiúnta, ar fáil i gcáipéis chúlra na Comhairle, *Teacher Education in Ireland and Internationally*.

Polasaí ar Fhorbairt Ghairmiúil Leanúnach

Tá polasaí na Comhairle ar fhorbairt ghairmiúil leanúnach bunaithe ar thrí cholún – nuálaíocht, comhtháthú agus feabhsú – agus ar na prionsabail chineálacha dea-oideachais do mhúinteoirí atá léirithe ar leathanach 10. Ina dteannta san, tá suntas leis na prionsabail seo a leanas, a bhaineann le FGL go háirithe.

FGL – Ceart agus Cúram

- Tá de cheart ag gach múinteoir cláraithe FGL a fháil. Sa chomhthéacs sin, ba chóir riar ama le haghaidh FGL aonair agus/nó grúpa foirne a chur ar fáil laistigh den am sceidealta neamh-mhúinteoireachta atá ag múinteoirí. Ba chóir go mbeadh an riar ama sin suntasach agus go léireodh sé an tábhacht a bhaineann le FGL maidir le cleachtas éifeachtach gairmiúil.
- Ba chóir go mbeadh FGL bunaithe ar riachtanais mhúinteoirí mar a léirítear iad laistigh den scoil mar phobal foghlama.
- Is cúram é FGL ar gach múinteoir cláraithe. Sa chomhthéacs sin, ba chóir do mhúinteoir cláraithe céimeanna réasúnta a ghlacadh chun an t-eolas gairmiúil, scil agus ábaltachtaí mar a oireann dá c(h)uid teagaisc a chothabháil, a fhorbairt agus a leathnú.

Creat Náisiúnta Comhleanúnach

- Chun FGL a sholáthar go héifeachtach, is gá glacadh le creat náisiúnta comhleanúnach, bunaithe ar fhianaise taighde idirnáisiúnta agus náisiúnta, agus a fhreastalaíonn ar riachtanais an mhúinteora aonair, na scoile agus an chórais.
- Ba chóir don chreat náisiúnta bealaí a léiriú ina bhféadfaí acmhainní don fhorbairt ghairmiúil a chur ar fáil agus FGL a éascú, laistigh agus lasmuigh den tréimhse scoile, laistigh den scoil agus/nó laistigh de chnuasach scoileanna. Is dúshlán lárnach é aird a thabhairt ar chatagóirí éagsúla riachtanais agus easnaimh reatha a réiteach, ach ag an am céanna sláine na scoilbhliana a aithint agus an cur isteach ar fhoghlaim na mac léinn a íoslaghdú.
- Ba chóir go mbeadh cur chuige rannpháirteach maidir le forbairt pholasaí agus pleanáil i gcomhar leis na geallchoimeádaithe lárnacha uile.

Tá sé i gceist ag an gComhairle oibriú sa chaoi go nglacfar le creat náisiúnta comhleanúnach le haghaidh FGL mar atá léirithe thuas, agus ansin nach ndéanfaí clárúchán leis an gComhairle Mhúinteoireachta a athnuachan gan fianaise sásúil maidir le plé le FGL a chur ar fáil.

Acmhainní FGL a Chur ar Fáil

- Ba chóir go mbeadh fáil ag cláir FGL ar sheirbhís tacaíochta náisiúnta.
- Ba chóir soláthar FGL a thacú le struchtúir, acmhainní agus próisis chuí ar leibhéal náisiúnta, réigiúnach agus áitiúil.

Cinnireacht Scoile agus Ról an Phríomhoide

- Tá cinnireacht éifeachtach scoile, laistigh de chultúr comhoibritheach scoile, ríthábhachtach maidir le forbairt ghairmiúil leanúnach do mhúinteoirí. Go háirithe, ba chóir go mbeadh cinnireacht teagaisc an phríomhoide i gcroílár a c(h)uid oibre agus go ndéanfaí soláthar maidir le FGL don scoil.
- Ba chóir aghaidh a thabhairt ar ualach oibre príomhoidí, agus go háirithe príomhoidí teagaisc, maidir le riarachán, i dtreo is gur féidir cuidiú leo chun an scoil a fhorbairt mar phobal foghlama. Dhéanfaí é seo a éascú ach bogadh chuig múnla roinnte cinnireachta laistigh de scoileanna.

Múnlu Múinteoirí

- Ba chóir go ndéanfadh FGL eolas do chleachtas, eolas i gcleachtas agus eolas ar chleachtas a chothú i gcomhthéacs ina bhfuil dóthain ama don aiseolas agus tacaíocht leantach.
- Ba chóir do FGL éifeachtach, atá rannpháirteach ann féin, múinteoirí a spreagadh chun a dtuairimí agus a gcleachtais oideolaíochta a mheas, machnamh criticiúil a dhéanamh ar a gcleachtas gairmiúil agus ar a dtimpeallachtaí oibre agus bheith gafa le comhoibriú gairmiúil.
- Ba chóir do mhúinteoirí aonair a bhforbairt ghairmiúil a mhúnlu go gníomhach, maidir le punann ghairmiúil fhorbartha a thosú le linn oideachas tosaigh múinteoirí agus a choimeád ar feadh a ngairmréime múinteoireachta.
- Ba chóir do FGL plé criticiúil múinteoirí le curaclam, oideolaíocht agus measúnú a éascú, chun foghlaim na mac léinn a uasmhéadú.

FGL a Dhearadh

- Ba chóir cur chuige FGL a dhearadh ag tabhairt aird ar na suímh ina mbíonn múinteoirí ag obair agus ar an iolracht ról atá ag múinteoirí maidir le forbairt iomlánaíoch na mac léinn.
- Ba chóir do chur chuige FGL a aithint go mbaineann tábhacht le struchtúr tarraingteach gairmréime do mhúinteoirí. Sa chomhthéacs sin, creideann an Chomhairle gur chóir do chreat náisiúnta múinteoirí a éascú más mian leo cead neamhláithreachta a lorg chun deiseanna forbartha gairmiúil a ghlacadh.
- Ba chóir go mbeadh FGL tógachaíoch ann féin, le bealaí foghlama, foirmiúil agus neamhfhoirmiúil, ina gcuirtear béim ar mhachnamh, ar chomhréiteach fadhbanna, ar líonrú agus ar chomhroinnt córasach saeolais agus taithí.
- Maidir le riachtanais forbartha gairmiúil a chur in ord tosaíochta, tá ról lárnach ag scoileanna, nó ag cnuasaigh scoileanna ag obair le chéile trí struchtúir mar FAO, na hionaid oideachais agus na cumainn ábhar.

-
- Ba chóir FGL a nascadh le forbairt agus feabhsú scoile agus go ndéanadh sé múinteoirí a chumhachtú mar dhaoine gairmiúla ag obair laistigh de chlár comhleanúnach scoile seachas díriú ar oiliúint scileanna amháin.
 - Múnla luachmhar do FGL is ea fiosrú comhoibritheach bunaithe sa scoil, ag múinteoirí i bhfoirne nó i ngrúpaí le tacú ó ranna oideachas múinteoirí.
 - Ba chóir do scoileanna, agus a ról mar phobail ghairmiúla foghlama á chleachtadh acu, plean forbartha gairmiúil thar thréimhse trí go cúig bliana a ullmhú, ag tabhairt san áireamh riachtanais aonair múinteoirí, riachtanais na scoile agus riachtanais an chórais.

Rannpháirtíocht agus Comhoibriú

- Chun tosaíochtaí a léiriú agus forbairt ghairmiúil den scoth a chur i bhfeidhm go héifeachtach, is gá comhoibriú leanúnach idir na geallchoimeádaithe oideachais.
- Chun plé múinteoirí le forbairt ghairmiúil a chothú, tá ról lárnach ag cultúr comhghleacúil laistigh de scoileanna, ag an gcomhoibriú idir scoileanna agus ag soláthraithe oideachas múinteoirí.
- Mar chuid de FGL ba chóir do mhúinteoirí a gcumas agus a dtaithe a roinnt ar bhealach níos córasaí, agus ag an am céanna tógáil ar an eolas carnach ar fud na gairme trí na ceangail idir taighde, polasaí agus cleachtas a neartú.

FGL a Chreidiúnú

- Ba chóir feidhm a bhaint as an *Creat Náisiúnta Cáilíochtaí* chun aitheantas ar cháilíochtaí breise i struchtúir ghairmréime múinteoirí a éascú.
- Is gá modhanna solúbtha um aithint agus riaradh FGL a fhorbairt agus a athbhreithniú ar bhonn leanúnach.
- Ba chóir don Chomhairle Mhúinteoireachta cláir FGL a chreidiúnú i bhfianaise a cumhachtaí reachtúla faoi Alt 38 den Acht um Chomhairle Mhúinteoireachta, 2001. Ba chóir a leithéid de chreidiúnú a bhunú ar chritéir a thabharfaidh An Chomhairle Mhúinteoireachta chun cinn mar chuid de chreat le haghaidh FGL.

Réimsí Tosaíochta

- Ba chóir do FGL forbairt inniúlachtaí a chothú chun foghlaim den scoth a éascú agus freastal ar thosaíochtaí oideachais. I measc na príomhréimsí tosaíochta náisiúnta faoi láthair tá: litearthacht; uimhearthacht; TFC; cuimsiú.
- Déanfaidh an Chomhairle plé gníomhach le soláthraithe oideachas múinteoirí maidir le cláir fhorbartha ghairmiúla a thabhairt chun cinn, agus iad dírithe ar chur le scileanna múinteoirí i gcleachtas maidir le heolas ar a gcuid ábhar féin.

Críoch

Céim mhór chun tosaigh maidir le forbairt na múinteoireachta mar ghairm in Éirinn ba ea bunú na Comhairle Múinteoireachta mar an comhlacht um chaighdeáin ghairmiúla múinteoireachta. Tugann sé deis thráthúil féachaint go húrnu ar oideachas múinteoirí ag céimeanna uile an leanúntais.

Sa pháipéar polasaí seo, tá fíis na Comhairle maidir le hoideachas múinteoirí leagtha amach faoi bhratach na dtrí cholún: nuálaíocht, comhtháthú agus feabhsú. Léiríodh treoirphrionsabail a éascóidh comhleanúnachas agus comhtháiteacht ar fud na gairmréime múinteoireachta. Mar thoradh ar phróiseas taighde, comhairliúcháin agus breithniúcháin, tá na prionsabail chineálacha seo forbartha mar sheasaimh pholasaí níos cruinne, laistigh de gach céim den leanúntas.

Beidh an polasaí seo mar threoir ag an gComhairle sna blianta amach anseo, agus í ag obair chun critéir agus treoirlínte a fhorbairt maidir le cláir athchoincheaptha um oideachas tosaigh múinteoirí, ionduchtú agus forbairt ghairmiúil leanúnach. Tá an polasaí seo lánach chun a chinntiú go mbeidh múinteoirí an lae amárach inniúil ar aghaidh a thabhairt ar na dúshláin atá rompu, agus go mbeidh siad ina bhfoghlaimeoirí ar feadh an tsaoil, de shíor ag oiriúnú ar feadh a ngairmréime d'fhonn iad féin a chumasú chun chur ar a gcumas tacaíocht a thabhairt d'fhoghlaim a gcuid mac léinn.

Déanfar athbhreithniú agus athchóiriú leanúnach mar is cuí ar an gcáipéis seo. Tá sé ar fáil le híoslódáil ar an leathanach Oideachas Múinteoirí ag www.oide.ie



An Chomhairle Mhúinteoireachta
The Teaching Council

Bloc A, Campas Gnó Mhaigh Nuad,
Maigh Nuad, Co. Chill Dara, Éire

Íosghlao 1890 224 224
Teileafón +353 1 651 7900
Faics +353 1 651 7901
Rphost eolas@oide.ie

www.oide.ie



The Teaching Council
An Chomhairle Mhúinteoireachta
